**COMHAIRLE
AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 26 Iúil 2010 (29.07)
(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2007/0152 (COD)**

**11160/4/10
REV 4 ADD 1**

**SOC 422
MIGR 61
CODEC 581
PARLNAT 56**

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | **Seasamh na Comhairle, ar an gcéad léamh, a ghlac an Chomhairle an 26 Iúil 2010 chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leathnaítear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar bhonn a náisiúntachta amháin.** <br> **= Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle** <br> **- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 26 Iúil 2010** |

# I. RÉAMHRÁ

An 25 Iúil 2007, thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite atá ceaptha ionad Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 a ghabháil agus forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus a Rialachán cur chun feidhme (Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ón gComhairle) a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar bhonn a náisiúntachta amháin.

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 63(4) den Chonradh (nós imeachta aontoilíochta agus comhairliúcháin). Tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, is é Airteagal 79(2)(b) CFAE (tromlach cáilithe agus gnáthnós imeachta reachtach) an bunús dlí.

Thug Parlaimint na hEorpa a Tuairim uaithi an 9 Iúil 2008, faoi chuimsiú an nós imeachta comhairliúcháin. Tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún[1] , an 5 Bealtaine 2010, inar dheimhnigh sí a seasamh faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a Thuairim uaidh an 16 Eanáir 2008.

Níor thíolaic an Coimisiún aon togra leasaithe foirmiúil mar thoradh ar an tuairim a thug an Pharlaimint uaithi ar an gcéad léamh.

I gcomhréir le hAirteagal 294(5) (CFAE), ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh trí thromlach cáilithe an [26] Iúil 2010.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn, trí litir dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2007, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

1 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2010 maidir le hiarmhairtí theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin do nósanna imeachta um chinnteoireacht idirinstitiúideach leanúnach.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní bheidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

## II. CUSPÓIR

Le Rialachán (CE) Uimh. 859/2003, rinneadh cur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus a Rialachán chur chun feidhme (CEE) Uimh. 574/72 a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tíortha. Simplíodh na Rialacháin dheireanacha sin agus tugadh suas chun dáta iad le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 faoi seach, a bhfuil feidhm acu ón 1 Bealtaine 2010.

Is ionann an cuspóir a shaothraítear leis an togra le haghaidh Rialacháin agus an cuspóir a shaothraítear le Rialachán (CE) Uimh. 859/2003, eadhon raon feidhme na bhforálacha Comhphobail atá i bhfeidhm do chomhordú scéimeanna slándála sóisialta a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar bhonn a náisiúntachta amháin.

Is é is aidhm dó a áirithiú gurb iad na rialacha céanna do chomhordú scéimeanna slándála sóisialta a chuirfear i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tíortha agus na rialacha atá i bhfeidhm maidir le saoránaigh Eorpacha ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán Uimh. 987/2009. Is é is cuspóir dó an dúbailt an-mhearbhlach a sheachaint, eadhon staid ina mbeadh daoine aonair agus rialtais náisiúnta ag plé le dhá shraith éagsúla rialacha agus teidlíochtaí lena gcumhdófaí comhordú córas slándála sóisialta idir na Ballstáit.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

Ghlac Parlaimint na hEorpa dhá leasú ar an togra ón gCoimisiún d'fhonn dhá aithris nua (aithris 3a agus aithris 6a) a chur isteach sa Bhrollach chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cóir chomhionann.

Chuir an Coimisiún in iúl le linn na díospóireachta a tharla i seisiún iomlánach go bhféadfadh sé glacadh leis na leasuithe seo.

D'fhéadfadh an Chomhairle glacadh leis an dá leasú chomh maith (aithris Uimh. 4 agus aithris Uimh. 7 i Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh).

Mheas an Chomhairle, ina theannta sin, go raibh gá le haithris Uimh. 8 sa togra a shoiléiriú (aithris Uimh. 10 sa Seasamh ar an gcéad léamh) d'fhonn a shonrú go bhfuil cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 maidir le náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar bhonn a náisiúntachta amháin, gan dochar do cheart na mBallstát ceadúnas chun dul isteach sa Bhallstát lena mbaineann, chun fanacht ann, chun cónaí ann nó chun obair ann i gcomhréir le dlí an Chomhphobail a dhiúltú nó a aistarraingt nó athnuachan an cheadúnais sin a dhiúltú.

In aithris bhreise Uimh. 13 i Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, sonraítear maidir leis an gcoinníoll go gcaitear cónaí go dlíthiúil i gcríoch Ballstáit, mar a leagtar síos in Airteagal 1 é, nach ndéantar dochar do na cearta a thagann ó chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a bhaineann le pinsean easláine, le pinsean seanaoise nó le pinsean marthanóra, thar ceann Ballstáit amháin nó níos mó, do náisiúnach tríú tír a bhfuil coinníollacha an Rialacháin seo comhlíonta aige nó aici cheana, ná do mharthanóirí de chuid an náisiúnaigh tríú tír sin.

Ar deireadh, tagraítear in aithrisí Uimh. 17, Uimh. 18 agus Uimh. 19 de Sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh do sheasamh na hÉireann, do sheasamh na Ríochta Aontaithe agus do sheasamh na Danmhairge maidir le glacadh agus le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Tá glactha ag an gCoimisiún le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh.

## IV. CONCLÚID

Leis an seasamh a ghlac sí ar an gcéad léamh maidir leis an Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leathnaítear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus forálacha Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar bhonn a náisiúntachta amháin, measann an Chomhairle go ndéantar foráil do chur chuige cothrom chun cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a áirithiú i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha a bheidh ina gcónaí go dleathach ar chríoch an Aontais Eorpaigh.

Tá an Chomhairle ag tnúth le plé dearfach a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa chun go bhféadfar teacht ar chomhaontú deiridh maidir leis an Rialachán tábhachtach seo.